AN FIADHÚLRA
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

Eidhneán agus Crainn

Is planda dúchais de chuid na hÉireann é an eidhneán comónta (*Hedera helix nó hibernica*). Feidhmíonn sé mar clúd ar an talamh, agus dreapadóir bisiúil é a ghreamaíonn gan stró ar bith do sceacha, ballaí, crainn nó aon ní eile atá ina sheasamh. Mar dreapadóir tá bláthanna agus torthaí in easnamh ar, ach nuair a shroicheann sé barr balla nó crann glacann sé fás crannach ar féin mar aon le aon tor eile. Is ansin a fhásann bláthanna agus torthaí air. Tá dath gorm dorcha ar na torthaí, beagnach dubh, fiú amháin, agus shroicheann siad aibíocht go luath san Earrach. Tá an fás crannach seo agus na torthaí le feiscint go soiléir ar clocha, ballaí agus tithe, mar go shroicheann an eidhneán barr na structúir seo go tapaidh.

Tá clúdach talún agus eidhneán crannach tábhachtach don fiadhúlra mar fosca, agus freisin b'fhéidir mar bia, cé go bhfuil níos lú tábhacht ag baint leis an saghas eidhneán a fhásann ar crainnte ón taobh sin de. Go deimhin fiú dá mbeadh gach crann sa tír saor ó eidhneán fós beadh neart dó ann chun an fiadhúlra ar fad sa tír a shásamh.

Dreapann eidhneán comónta ag ráta trí nó ceithre troith sa bhliain, ag breath ar caighdeán ithreach, nochtachas, freasaíocht, solas agus suíomh. Níl aon ionadh, mar sin, gur féidir leis seilbh a ghlacadh ar crainn chomh tapaí agus chomh iomlán sin. Tá sé ar fáil go forleathan ar oileán na hÉireann, ach níl sé chomh fearga in oirthir na tíre, áit a bhfuil sé níos nochtaithe chuig gálaí ón Atlantach agus nach bhfuil an talamh chomh torthúil sin. Tá formhór na heastátanna in Éireann atá fós rialaithe ag na húinéirí caoiseach saor ó eidhneán ar a gcuid crainnte.

I rith an Geimhreadh tá fás eidhneán ar ár gcrainn crua-adhmad an-soiléir ar fad, agus go minic clúdaíonn sé na babhail atá chomh soiléir sin, go háirithe sa taithneamh gréinne Geimhreach. Nuair a shroicheann an fás barr an crann déanann sé an-damáiste do na géaga cliathánach, agus ar deireadh athchumann sé an chruth gallánta nádúrtha atá ar na crainn seo. Ba chóir don léitheoir

Coill ar an N11 atá ar snámh le eidhneán

anois féachaint ar crainnte le clúd eidhneán orthu, agus a gcruth a chur i gcomparáid leis an chruth atá ar crainn nach bhfuil an chlúd sin ar. Is féidir le eidhneán fás ar crainnte síor-ghlasa chomh maith, mar a léirítear ag na iúr aibí atá ag fás i reiligeanna ar fud na tíre.

Ní hamháin go gcuireann fás eidhneán isteach go mór ar gnáthanna an crann ach cuireann sé bac ar fás nádúrtha an crann chomh maith. Faoi dheireadh, nuair a ghlacann an eidhneán seilbh ar an crann iomlán lena fás duilleoga tiubh, caileann an crann a chruth agus éiríonn sé éagruthach go hiomlán. Níl mórán maitheas le crann den tsaghas seo ach amháin mar adhmad don tine.

Sé deireadh an Fhómhar, an Geimhreadh, agus tús an Earrach na hamantaí is fearr chun fás trom eidhneán ar crainn a fheiscint, sula gclúdaítear le duilliúr é. Tá fianaise den scriosadh a tharlaíonn do crainn i bhfál sceach le feiscint ar fud na tíre, an méid sin, go deimhin, go bhfuil easnamh anois de crainn agus sceacha sláintiúla le feiscint ar príomh bóithre i gcontaetha Átha Cliath, Cill Dara, an Mhí, Ceatharlach agus Cill Cheannaigh; is féidir mórán den milleán a chur ar eidhneán. Tá an timpeallacht ag glacadh ar fhéin na tréithe lomadh, easnamhacha atá le feiceáil sna ceantracha dian-talmhaíochta sa Bhreatain agus san Eorap, timpeallacht atá naimhdeach don fiadhúlra. Cinnte ní féidir le mórán éan maireachtáil in áiteanna chomh neamhthorthúil seo.

Cén fáth a bhfuil éifeacht chomh mór sin ag eidhneán ar ár gcrainn nuair a ceadaítear dó fás gan smacht? Taispeánfaidh trasgearradh de fréamhacha an crann ar a bhfuil an eidhneán ag fás fréamhacha an eidhneán ag luí ar barr fréamhacha an crann é fhéin. Dar ndóigh bíonn na fréamhacha seo i gcomórtas le fréamhacha an crann, agus dá bhrí seo caileann an crann amach ar cuid dá uisce agus cothaitheachtaí. Cuireann eidhneán isteach freisin ar déantúsaíocht duilleoga agus é i gcomórtas leis an crann i gcóir solas na gréine. Nuair atá mórán eidhneán ar an crann tá níos mó seans ann go ngéalfaidh sé chuig stoirmeacha. Tá an dáinséar de crainn bheith ag titim mar fáth eile ar chóir dúinn bheith buartha faoi fáil sceach atá clúdaithe ag eidhneán bheith ag rith taobh lenár mbóithre. Agus cén fáth a bhfuil fás eidhneán níos soiléire anois ná mar a bhí riamh? Níl a fhios againn ach is dóigh linn go bhfuil sé mar toradh ar go bhfuil na gabhair ar ith an eidhneán óg, tráth dá raibh, imithe leo anois.

Tá fáil sceach clúdaithe go mór ag eidhneán chomh maith. Ní dhéanann sé seo mórán chun an fiadhúlra nó an feidhm atá ag na fáil sceach (atá mar chuid lárnach de timpeallacht) a chur i mbaol, áfach má tá suim agat in aestéitic an fál sceach b'fhearr duit é a choimead saor ó eidhneán, mar má thosaíonn eidhneán ag fás ar crann sceach óg tá sé nach-mór do-dhéanta fáil réidh leis. Dar ndóigh siad na príomh bagairtí atá ann dár sceacha ná an aoncultúrachas agus an súiste trom. Is féidir níos mó a léamh maidir le sceacha sa foilsiúcháin ENFO 'riaracháin sceacha'.

Níl sé ró-dheacar fás eidhneán ar crainn a rialú, go háirithe má déaláiltear leis sula glacann an planda an iomarca seilbh ar. Tá adhmad eidhneán bog agus géalann sé go héasca chuig sábh, tua nó sábh-slabhra. Is gá bheith an cúramach go deo agus sábh-slabhra in úsáid agat áfach, ní hamháin chun tú fhéin a chosaint, ach chun rúsc an crann a chaomhnú chomh maith. Má phaentáiltear fréamhacha an planda le 'Roundup' marófar é, ach ní dhéanfar aon dochar don crann. Murach sin fásfaidh an planda arís agus tá an baol ann

Fuinseog saor ó eidhneán sa Bhoireann

go mbeidh breis aire ag teastáil uaidh blianta níos déanaí. Is féidir méid beag den bhlach eidhneán a ghearradh cóngrach chuig an talamh, nó is féidir an dá taobh a tharraingt beagán amach óna chéile chun roinnt iomlán a chinntiú. Gheobhaidh fuíollach an eidhneán bás agus, ar deireadh, titfidh sé den crann.

Go minic tagann na brainsí éagsúla de eidhneán ar ais le chéile tar éis tamall agus is féidir roinnt dealbha an-éagsúla ar fad a chruthú as sin. Is féidir iad seo a chaomhnú le caomhnóir adhmad ar nós creosote. Is féidir le fáil sceach atá rialaithe go cúramach bheith mar socmhainní luachmhara d'fheirmeoirí agus d'úinéirí talún, ní hamháin i dtéarmaí geilleagrach ach fresin mar gheall ar an cúnamh a thugann siad ó thaobh siamsaíocht, ó thaobh aestéitic na timpeallachta agus freisin ó thaobh foscadh ainmhithe. Is féidir leo bheith an-úsáideach ó thaobh foirgnimh agus monarchana gránna a chur i bhfolach. Cosnaíonn siad agus caomhnaíonn siad éineacha agus ainmhithe, agus laghdaíonn siad an damáiste a dhéanann sioc. Le blianta fada bhí an fuinseog an-comónta inár bhfáil sceach agus inár gcoillte beaga. Is sampla iontach í an fuinseog de crann ó fáil sceach. Tá an-luach ar samplaí aibí i gcóir déantúsaíocht troscán agus camáin, agus nuair atá sé tirim tá an luach ar fuinseog mar adhmad tine. Tá duilliúr éadrom aige, agus fásann a cuid duilleoga déanach sa séasúr, sa tslí is nach gcuireann sé isteach ar fás barraí san am tábhachtach ó thús mí Bealtaine go mí deireadh mí Mheitheamh. Beidh breis luach ar feirm le crainn fuinseog rialaithe, agus tugfaidh sé an-taithneamh don úinéir.

Fáibhile saor ó eidhneán sa gheimhreadh

Ní post mhór sa bhreis é rialiú crainn do feirmeoirí nó úinéirí talún, agus iad i ndiaidh tradaisiún aire a bhunú. Sa lá atá inniu ann tá seans ag gach éinne comhairle agus airgeadas faoi crainn a chur agus a rialiú a fháil. Ba chóir dúinn tairbhe a bhaint as na seansanna iontacha seo atá againn in Éireann chun cultúr crainn a chur chun cinn. Is samplaí maithe iad na deontaisí atá ar fáil agus scéim REPS de na deiseanna atá againn chun plandáil agus caomhnú crainn óga a chur chun cinn.

Tagairtí

"For Love of Trees", Risteárd Mulcahy, "Enviroment Press" 1996

Crainn i bhfáil sceach atá trom le eidhneán

Fáil sceach ar snámh le eidhneán sa gheimhreadh

Crainn glan i solas an gheimhreadh

Arna eisiúint ag:
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil
17 Sráid Naomh Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: ***(01) 8883910***
Lóghlaoch: **1890 200191**
Faics: **(01) 888 3946**
r-phost: ***info@enfo.ie***
www.enfo.ie

Scríobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nIonad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Údaráis Áitiúil/Leabharlainne Contae a sheiceáil amach.

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Printed by Print and Promotions.
Tel: 087 2567205
Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte
Bealtaine 2005